**Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe anseo** | | **M 47T**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2004

## EACNAMAÍOCHT BHAILE – EOLAÍOCH AGUS SÓISIALTA

## GNÁTHLEIBHÉAL

| STAMPA IONAID |
|---|
| |

**DÉ hAOINE, 11 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 go dtí 4.30**

**280/320 MARC**

*Treoracha d'Iarrthóirí*

**Roinn A**
Tá **dhá cheist déag** sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí **deich** gceist ar bith a fhreagairt.
Tá **6** mharc ag dul do gach ceist.
**Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh ar an bpáipéar scrúdaithe.**

**Roinn B**
Tá **cúig** cheist sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí **Ceist 1 agus dhá cheist ar bith eile** a fhreagairt.
Tá **80** marc ag dul do **Cheist 1**.
Tá **50** marc an ceann ag dul do **Cheisteanna 2, 3, 4** agus **5**.
**Scríobh do chuid freagraí sa leabhar freagraí ar leith atá curtha ar fáil.**

**Roinn C**
Tá **trí** cheist sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí tabhairt faoi cheist **amháin** ar ábhar roghnach agus **cuid (a)** den cheist sin mar aon le **cuid (b) nó cuid (c)** den cheist a fhreagairt.
**Is cóir d'iarrthóirí a chuir obair chúrsa i dTeicstílí, Faisean agus Dearadh isteach le haghaidh scrúdaithe gan ach Ceist 2 amháin a fhreagairt sa roinn seo.**
Tá **80 marc an ceann** ag dul d'ábhair roghnacha **1** agus **3**.
Tá **40** marc ag dul d'ábhar roghnach **2**.
**Scríobh do chuid freagraí sa leabhar freagraí ar leith atá curtha ar fáil.**

**Ní mór duit do pháipéar scrúdaithe a thabhairt ar ais le do leabhar freagraí ag deireadh an scrúdaithe.**

## Roinn A

**Freagair <u>deich</u> gceist ar bith sa roinn seo.**
**Tá 6 mharc ag dul do gach ceist.**
**Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.**

**1.** **(a)** Luaigh **<u>dhá</u>** fheidhm atá ag lipidí sa chorp. (4)

(i) ____________________

(ii) ____________________

**(b)** Ainmnigh foinse chothaitheach **<u>amháin</u>** ag gach ceann de na lipidí seo a leanas: (2)

Glasra ____________________

Muirí ____________________

**2.** **(a)** Luaigh úsáid **<u>amháin</u>** in ullmhú bia ag na carbaihiodráití seo a leanas: (4)

| **Cineál carbaihiodráite** | **Úsáid in ullmhú bia** |
|---|---|
| Siúcra | |
| Stáirse | |

**(b)** Ainmnigh einsím dhíleách a athraíonn stáirse ina mhaltós. (2)

____________________

**3.** **(a)** Luaigh **<u>dhá</u>** fheidhm atá ag Vitimín A. (4)

(i) ____________________

(ii) ____________________

**(b)** Liostaigh **<u>dhá</u>** fhoinse mhaithe chothaitheacha do Vitimín A. (2)

(i) ____________________

(ii) ____________________

**4.** **(a)** Liostaigh **ceithre** threoirlíne réim bia is cóir a chur san áireamh agus béilí á bpleanáil do dhéagóirí. (4)

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

(iii) ______________________________

(iv) ______________________________

**(b)** Ainmnigh riocht **amháin** i dtaca le réim bia a bhaineann le héagothroime chothaitheach. Luaigh cúis **amháin** leis an riocht seo. (2)

Riocht ______________________________

Cúis ______________________________

**5.** **(a)** Liostaigh **dhá** thoisc a mbíonn tionchar acu ar mhaoithe feola. (2)

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

**(b)** Luaigh **dhá** bhealach chun feoil a mhaothú. (4)

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

**6.** Ainmnigh **trí** mhodh éagsúla chun bia a chaomhnú agus luaigh sampla de bhia a caomhnaíodh trí **gach** modh díobh. (6)

| **Modh caomhnaithe** | **Sampla de bhia** |
|---|---|
| | |
| | |
| | |

7 **(a)** Ainmnigh **<u>dhá</u>** phríomhchineál miocrorgánach atá ina gcúis le milleadh bia. (4)

(i) ______________________________ (ii) ______________________________

**(b)** Ainmnigh **<u>dhá</u>** leasaitheach nádúrtha. (2)

(i) ______________________________ (ii) ______________________________

**8.** Luaigh **<u>trí</u>** úsáid uibheacha i n-ullmhúchán bia agus tabhair sampla de gach ceann díobh. (6)

| **Úsáidí d'uibheacha** | **Sampla** |
|---|---|
| | |
| | |
| | |

**9.** Ainmnigh **<u>dhá</u>** mhodh chun íoc as earraí agus as seirbhísí. Luaigh buntáiste **<u>amháin</u>** agus míbhuntáiste **<u>amháin</u>** atá ag gach modh. (6)

**(a)** ***Modh íocaíochta*** ______________________

*Buntáiste* ______________________________________________

______________________________________________

*Míbhuntáiste* ______________________________________________

______________________________________________

**(b)** ***Modh íocaíochta*** ______________________

*Buntáiste* ______________________________________________

______________________________________________

*Míbhuntáiste* ______________________________________________

______________________________________________

**10.** **(a)** Mínigh an téarma *ASPC (PRSI* i mBéarla). (2)

**(b)** Liostaigh **dhá** shochar a bhaineann le *ASPC*. (4)

(i)

(ii)

**11.** **(a)** Luaigh an aidhm atá ag lipéadú fuinnimh ar fhearais leictreacha. (2)

**(b)** Ainmnigh **dhá** fhearas leictreacha ar gá lipéad fuinnimh a thaispeáint orthu. (4)

(i)

(ii)

**12.** **(a)** Ainmnigh dlí **amháin** a dhéanann cearta an tomhaltóra a chosaint. (2)

**(b)** Luaigh an fheidhm atá ag Gnáthamh na Mionéileamh. (4)

# Roinn B

**Freagair Ceist 1 agus dhá cheist ar bith eile sa roinn seo.**
**Tá 80 marc ag dul do Ceist 1. Tá 50 marc an ceann ag dul do Ceisteanna 2, 3, 4 agus 5.**

**1.** ***Léiríonn taighde le déanaí go dtógann 36% de mhná na hÉireann faoi bhun an mheánriachtanais laethúil de chailciam.*** (An Chomhairle Náisiúnta Déiríochta).

Léiríonn an tábla thíos an cion cailciam i réimse bianna.

| **Bia** | **Cailciam (mg per 100 g/100ml)** |
|---|---|
| Bainne | 115 |
| Cáis chéadar | 720 |
| Cáis tí | 60 |
| Iógart torthaí | 180 |
| Sairdíní stánaithe | 550 |
| Bradán stánaithe | 98 |
| Cabáiste | 57 |
| Pónairí bácáilte | 53 |
| Brocailí | 76 |
| Biabhóg stofa | 84 |
| Arán bán | 100 |
| Múslaí | 200 |
| Special K | 42 |
| Sú oráiste neartaithe | 122 |

**(a)** Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach go mbeadh cailciam sa réim bia? (12)

**(b)** Luaigh **<u>trí</u>** éifeacht atá ag réim bia a bhfuil cailciam in easnamh air. (12)

**(c)** Ainmnigh cothaitheach **<u>amháin</u>** atá riachtanach chun cailciam a ionsú. (6)

**(d)** Is é an chiondáil chothaithe cailciam a mholtar (RDA i mBéarla) do bhean atá ag iompar clainne ná 1200mg.
Agus an t-eolas sa tábla thuas á úsáid agat, ullmhaigh sraith biachlár aon lae (trí bhéile) do bhean atá ag iompar clainne a dheimhneoidh soláthar sásúil cailciam. (Is féidir bianna eile a chur leis). (18)

**(e)** Luaigh an chaoi a bhfuil na gnáth riachtanais chothaitheacha ag bean atá ag iompar clainne curtha san áireamh agat sna biachláir atá ullmhaithe agat. (12)

**(f)** Luaigh an chaoi a mbíonn tionchar ag **<u>dhá</u>** ceann ar bith díobh seo a leanas ar chinnteoireacht tomhaltóirí agus iad ag siopadóireacht:
(i) an soláthar airgid
(ii) fógraíocht
(iii) tairiscintí lascaine. (20)

**2.** ***Tá níos mó daoine fásta de réir a cheile ag ithe ceithre chuid nó breis de thorthaí agus glasraí gach lá, ach tá daoine óga fós ag ithe níos lú glasraí ná an iontógáil atá molta.***

**(a)** Luaigh roinnt bealaí spéisiúla chun torthaí agus glasraí a chur le réim bia daoine óga. (8)

**(b)** Déan aicmiú ar ghlasraí agus tabhair sampla **amháin** de gach aicme. (12)

**(c)** Pléigh **ceithre** chúis a bhfuil sé tábhachtach go mbeadh dóthain torthaí agus glasraí sa réim bia. (16)

**(d)** (i) Ainmnigh **dhá** chineál breiseán bia a úsáidtear i dtorthaí/glasraí próiseáilte.
(ii) Minigh cén fáth a n-úsáidtear breiseáin bia i monarú bia. (14)

**3.** ***"Cónaíonn 80% de dhaoine i dtithe nach bhfuil dóthain árachais orthu".***
*(Consumer Choice, Feabhra 2001).*

**(a)** Rianaigh na buntaistí a bhaineann le hárachas oiriúnach a bheith ag an sealbhóir tí. (12)

**(b)** Ainmnigh agus déan cur síos ar **dhá** chineál árachais tí éagsúla. (14)

**(c)** Déan cur síos ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar an rogha chóiríochta a dhéanann duine aonair. Déan tagairt do:
(i) tosca sóisialta
(ii) tosca eacnamaíocha
(iii) treochtaí i bhforbairtí tithíochta. (24)

**4.** ***Bíonn tomhaltóirí stuama eolach ar an timpeallacht agus tuigeann siad an éifeacht ar an timpeallacht a bhíonn ag a n-iompar.***

**(a)** Liostaigh **<u>trí</u>** fhreagracht atá ar thomhaltóirí. (9)

**(b)** Cuir le chéile sraith achomair treoirlínte faoin gcaoi ar féidir leis an tomhaltóir an timpeallacht a chosaint. (12)

**(c)** Sainaithin **<u>dhá</u>** chineál éagsúla truaillithe. Maidir le gach cinéal truaillithe luaigh (i) na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith leis agus (ii) na héifeachtaí ar an timpeallacht. (20)

**(d)** Ainmnigh agus déan cur síos ar thionscnamh **<u>amháin</u>** rialtais a chuidigh le truailliú a laghdú agus le timpeallacht níos glaise a chur chun cinn. (9)

**5.** ***Ceann de phríomhfheidhmeanna an teaghlaigh is ea cúram agus tógáil páistí.***

**(a)** Luaigh an chaoi a ndéanann tuismitheoirí soláthar do (i) riachtanais fhisiceacha agus (ii) riachtanais shíceolaíocha páistí óga. (12)

**(b)** Breacrianaigh an chaoi a n-athraíonn caidreamh idir baill teaghlaigh i gcaitheamh na ndéaga. (12)

**(c )** Luaigh cén chaoi ar féidir déileáil le coimhlint idir déagóirí agus tuismitheoirí. (10)

**(d)** Pléigh an tábhacht atá le cumarsáid mhaith laistigh den teaghlach. (16)


## Roinn C

**Freagair ceist amháin sa roinn seo.**
**Is cóir d'iarrthóirí a chuir obair chúrsa i dTeicstílí, Faisean agus Dearadh isteach le haghaidh scrúdaithe gan ach Ceist 2 amháin a fhreagairt sa roinn seo.**

## Ábhar Roghnach 1 - Dearadh agus Bainistíocht Tí (80 marc)

**Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 1 (a) a fhreagairt mar aon le 1 (b) nó 1 (c).**

**1. (a)** Taispeánann an léaráid an soláthar uisce fuar i dteach.




(i) Agus úsáid á baint as an léaráid déan cur síos ar sholáthar uisce fuar an tí. (16)

(ii) Mínigh: (a) cén fáth a bhfuil an taiscumar suite san áiléar
(b) cén fáth a bhfuil an t-uisce ón bpríomhphíopa cónasctha díreach leis an doirteal cistine. (10)

(iii) Luaigh an fheidhm atá ag (a) an píoba sceite **agus** (b) an stopchoca. (8)

(iv) Luaigh **dhá** réamhchúram is cóir a dhéanamh chun nach reofadh an soláthar uisce fuar sa gheimhreadh. (8)

(v) Déan cur síos ar **dhá** mhodh a úsáideann Údaráis Áitiúla chun uisce a dhéanamh sábháilte. (8)

**agus**

**1. (b)** (i) Breacrianaigh na tosca is cóir a chur san áireamh agus córas soilsithe do sheomra á phleanáil. (16)

(ii) Luaigh na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le dlúthshoilse fluaraiseacha (CFLs i mBéarla). (8)

(iii) Mol **dhá** fheistiú solais nua-aimseartha do sheomra leapa mic léinn. (6)

**nó**

**1. (c)** ***Fear singil é Pól atá díreach tar éis bogadh go dtí an chathair chun tosú i bpost nua. Níl aon tiomáint aige ach ní mór dó filleadh abhaile gach deireadh seachtaine chun dualgais a bhaineann le spórt a chomhlíonadh.***

(i) Cén sórt cóiríochta a mholfá do Phól?
Tabhair fáthanna le do rogha. (15)

(ii) Ainmnigh agus déan cur síos ar **thrí** cinn de sheirbhísí gairmiúla atá ar fáil chun cabhrú i ndearadh agus tógáil tí nua. (15)

## Ábhar Roghnach 2 - Teicstílí, Faisean agus Dearadh (40 marc)

**Ní mór d'iarrthoirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 2 (a) a fhreagairt mar aon le 2 (b) nó 2 (c).**

**2. (a)** ***Tá iarrtha ag bialann mearbhia ar dhéantúsóir éadaí léine nua a dhearadh agus a tháirgeadh dá fhoireann cois cuntair.***

Tá Fabraic A agus Fabraic B á mbreathnú.

| | **Fabraic A** | **Fabraic B** |
|---|---|---|
| **Fabraic** | Cadás (cniotáilte) | Cadás poilieistir (fite) |
| **Na hAiríonna Fabraice** | ▪ Bog le caitheamh<br>▪ Rocobthach<br>▪ An-ionsúiteach<br>▪ Smálobthacht lag | ▪ Éadrom<br>▪ Láidir<br>▪ Ionsúiteacht íseal<br>▪ Sár-smálobthacht<br>▪ Rocobthacht mhaith |
| **Cúram Fabraice** | ▪ Nigh le meaisín<br>▪ Triomú rothlamach<br>▪ Iarnáil idir meánteocht agus te | ▪ Nigh le meaisín<br>▪ Siltriomaíoch<br>▪ Bailchríoch neamhiarnála ar an bhfabraic |
| **Costas** | ▪ Neamhchostasach | ▪ Meánphraghas |

(i) Agus an t-eolas sa tábla thuas a úsaid agat mol fabraic don léine. Luaigh cúiseanna le do rogha. (10)

(ii) Déan sceitse den léine agus déan cur síos ar an gcaoi ar cuireadh **dhá** ghné dhearaidh i bhfeidhm i ndearadh na léine. (9)

(iii) Luaigh modh **amháin** ab fhéidir a úsáid chun lógó an chomhlachta a chur ar an léine. Luaigh cúis le do rogha. (6)

**agus**

**2. (b)** ***Tá méadú ar an éileamh ar fhabraicí nádúrtha de thoradh treochtaí reatha faisin.***

(i) Scríobh próifíl d'fhabraic nádúrtha faoi na ceannteidil seo a leanas:
- táirgeadh an tsnáithín
- teicníc thógála na fabraice. (10)

(ii) Ainmnigh agus déan cur síos ar mhodh **amháin** chun dath a fhorchur a bheadh oiriúnach d'éadaí páistí. (5)

**nó**

**2. (c)** ***Fágann gach tréimhse deich mbliana a rian féin ar dhearadh faisin.***

(i) Pléigh ar **thrí** thionchar mhóra ar fhaisean déagóirí. (9)

(ii) Tabhair sonraí ar **dhá** dheis ghairme atá ar fáil sa tionscal éadaí agus faisin. (6)

## Ábhar Roghnach 3 – Staidéar Sóisialta (80 marc)

**Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 3 (a) a fhreagairt mar aon le 3 (b) <u>nó</u> 3 (c).**

**3. (a)** ***Tá athruithe tagtha ar phatrúin lonnaíochta i saol nua-aimseartha na hÉireann. Sna 1900í bhí cónaí ar 70% den phobal i gceantair tuaithe. I 2002 ta cónaí ar 60% beagnach i gceantair uirbeacha.*** (An Daonáireamh, 2002).

(i) Tabhair cuntas ar na cúiseanna a bhfuil breis daoine in Éirinn an lae inniu ina gcónaí i gceantair uirbeacha. (16)

(ii) Pléigh na héifeachtaí atá ar shaol an teaghlaigh toisc go bhfuil:
(a) níos mó daoine ina gcónaí i gceantair uirbeacha agus níos lú daoine ina gcónaí i gceantair tuaithe.
(b) feabhsúcháin teidlíochtaí leasa shóisialta. (24)

(iii) Ainmnigh agus tabhair sonraí ar eagraíocht **<u>amháin</u>** a chuidíonn le fostaíocht a chruthú i gceantair tuaithe. (10)

**agus**

**3. (b)** ***"meastar go mbíonn 6000 bás roimh am in Éirinn gach bliain de bharr na bochtaineachta agus na héagothroime"*** (Irish Independent, Bealtaine 2003).

(i) Abair cad is ciall, dar leat, le (i) bochtaineacht agus (ii) éagothroime. (8)

(ii) Sainaithin **<u>dhá</u>** grúpa is mó atá i mbaol de bharr na bochtaineachta in Éirinn agus luaigh cúiseanna. (10)

(iii) Déan cur síos ar éifeachtaí na bochtaineachta ar pháistí. (12)

**nó**

**3. (c)** (i) Tabhair cuntas gearr ar **<u>thrí</u>** thoisc a mbíonn tionchar acu ar dhearcadh duine i leith na hoibre. (12)

(ii) Luaigh an difríocht idir sásamh intreach poist agus sásamh eistreach poist. (8)

(iii) Déan trácht ar na héifeachtaí a bhíonn ag an dífhostaíocht ar shaol an duine aonair. (10)